Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7798/22**

**ESPACE 38**
**TRANS 205**
**EU-GNSS 16**
**MAR 82**
**AVIATION 61**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7503/22 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile<br>*– Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa* |

1. An 14 Eanáir 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile, ar feadh tréimhse 5 bliana.

2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Feabhra 2022, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh síneadh a chur leis an gcomhaontú agus scrúdaigh an Mheitheal um an Spás an togra. Ag eascairt as comhairliúchán i scríbhinn a tugadh chun críche an 11 Feabhra 2022, tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs agus maidir leis an iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

3. Iarrtar ar an gComhairle a chinneadh, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh i ndáil leis an togra le haghaidh Cinneadh maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6531/22 é.